

COMHAD FÍRICÍ: EALAÍONA ÍOMHÁ GLUAISTE GCSE



Insint Scannáin

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- Na struchtúir a leanas atá ag insintí coinbhinséala a shainaithint agus a mhíniú:
 - struchtúr trí ghníomh;
 - scéal/plota; agus
 - cineálacha de chur chuige atá líneach nó neamhlíneach.
- Eolas agus tuiscint a léiriú ar na teicnící insinte a leanas (chomh maith le heagarthóireacht leanúnachais):
 - insint sa chéad phearsa/tríú pearsa; agus
 - léiriú scríofa amhail ceannlínte nuachta agus fotheidil ar scáileán.
- Eolas agus tuiscint a léiriú ar charachtracht agus míniú a thabhairt ar an fheidhm agus an aidhm atá le carachtair éagsúla taobh istigh d'insint (mar shampla príomhcharachtar/céile comhraic).

Inneachar an Chúrsa

Struchtúr Trí Ghníomh

Is é atá sa Struchtúr Trí Ghníomh eiseamláir scéalaíochta atá an-choitianta i scannánaíocht phríomhshrutha. San eiseamláir seo tá trí ghníomh sa scannán. B'fhurasta smaoineamh nach bhfuil i gceist ach cur chuige tús, lár agus deireadh don scéalaíocht ach tá sé beagán níos casta ná sin. Tá cuspóir ar leith ag gach gníomh.

Sa chéad ghníomh, faigheann muid amach faoi dhomhan an scéil agus a chuid carachtar. Is dócha ag deireadh an chéad ghnímh go mbeidh bagairt éigin ar na príomhcharachtair nó ar an phríomhcharachtar nó go gcaithfidh siad freagairt don scairt le dul sa tóir ar eachtraíocht.

Sa dara gníomh tarlóidh castachtaí agus b'fhéidir go minic ag deireadh an ghnímh go mbeidh an chuma air nach gcomhlíonfaidh ár bpríomhcharachtair a spriocanna go deo.

Sa tríú gníomh fuasclaítear na deacrachtaí de ghnáth agus tagann deireadh leis an scéal.

Mar sin, mar shampla, má amharcfaimid ar an Struchtúr Trí Ghníomh i gcás *Toy Story* (1995), sa chéad ghníomh cuirtear in iúl domhan an scéil, saol ina dtagann bréagáin chun beatha nuair nach bhfuil a n-úinéirí i láthair. Is é Woody, bábóg sheanfhaiseanta de bhuaachaill bó, ceannaire na mbréagán agus, dálda na mbréagán eile uilig níl de dhíth sa tsaol air ach aird a úinéara, gasúr deich mbliana d'aois darb ainm Andy. Ag deireadh an chéad ghnímh tagann bréagán nua isteach sa tsaol seo, laoch de mhaoirseoir spáis darb ainm Buzz Lightyear. Níl dúil ag Woody in Buzz ón tús.

Sa dara gníomh is amhlaidh is mó a bhíonn Woody ag doicheadh roimh Buzz. Foghlaimíonn muid fosta go bhfuil seachrán ar Buzz nó creideann sé gur fíorghaiscíoch spáis atá ann agus ní bréagán. Nuair a bhrúnn Woody Buzz amach ar an fhuinneog de thaisme síleann na bréagáin eile gur mharaigh sé d'aonturas é. Dibríonn na bréagáin eile Woody agus tarlaíonn go ndéanann Sid príosúnaigh de Woody agus Buzz araon. Is leanbh cruálach Sid nach mbíonn ar a aird aige ach bréagáin a scriosadh.

Sa tríú gníomh tá Woody agus Buzz faoi ghlas i dteach Sid agus a gcosa nite. Faoi dheireadh glacann Buzz leis gur bréagán é go fíor. Ní maith leis a chruachás ach lasann Woody an taom gaiscíúlachta istigh ann agus comhoibríonn siad le héalú ó ghreim Sid agus le fillleadh ar Andy.

Scéal/Plota

Is é atá i gceist le scéal sraith ar bith d'imeachtaí atá gaolmhar le chéile, sraitheanna atá fíor nó samhailteach, agus nuair a chuirtear le chéile iad i bhfoirm sraithe gur scéal iomlán iad.

Is é atá i gceist le plota seicheamh na n-imeachtaí i scéal. Má chuireann eachtra ar bith cor sa scéal tugtar pointe plota uirthi. Mar sin, mar shampla, sa tsampla in *Toy Story*, is é teacht Buzz Lightyear an chéad phríomhphointe plota. Ach go bé teacht Buzz Lightyear ní tharlódh eachtraí an scéil.

Cineálacha de Chur Chuige atá Líneach nó Neamhlíneach

Baintear úsáid as insintí líneacha díreacha simplí i mbunús na scéalta agus na scannán. Nuair a deirtear go bhfuil rud líneach is é an rud atá muid a mhaíomh go bhfuil sé socraithe i líne dhíreach agus tá sin amhlaidh in insintí líneacha. Sa scéalaíocht líneach cuirtear eachtraí an scéil san ord inar tharla siad.

Sa scéalaíocht neamhlíneach b'fhéidir go mbeadh radharc ag tús an scéil a tharlaíonn am éigin níos faide anonn sula dtugtar ar ais sinn chuig na heachtraí a tharla roimh an am sin. Sa scannán *Batman Begins* (2005) úsáidtear insint neamhlíneach. Ag an tús tá Bruce Wayne ina dhuine fásta cheana féin sula dtaispeántar i spléachadh siar na heachtraí tubaisteacha le linn a óige a thug air dul i mbun troda in éadan na coiriúlachta.

Insint sa Chéad Phearsa agus sa Tríú Pearsa

Sa scannánaíocht is fearr, de ghnáth, scéalta a insint go físiúil agus gan barraíocht úsáid a bhaint as insint le guthú. Uaireanta, áfach, is rud úsáideach insint le guthú chun saol eile agus a chuid carachtar a chur inár láthair. Tá dhá chineál insinte ann. Is í an insint sa Chéad Phearsa an ceann is coitianta. Sa chineál sin insinte, is é an lárcharachtar sa scannán a dhéanann an guthú. Mar shampla, in *How To Train Your Dragon* (2010) is é laoch an scannáin, gasúr óg Lochlannach darb ainm Hiccup, a insíonn an scéal go díreach. I nguthú Hiccup tugtar eolas dúinn faoin chineál domhain ina dtarlaíonn an scannán agus cuireann muid aithne níos fearr air mar charachtar.

In áit Insint sa Chéad Phearsa is féidir Insint sa Tríú Pearsa a úsáid. Sa chineál sin insinte is duine nach bhfeicimid a dhéanann an guthú, duine atá uile-eolach, tuiscint aige mar a bheadh ag Dia ar an domhan agus ar na carachtair a bhfuil sé/sí ag caint orthu. Ní carachtar atá i ndomhan an scannáin é an Scéalaí Tríú Pearsa. Sa scannán *Barry Lyndon* (1975), mar shampla, tá Scéalaí Tríú Pearsa nach bhfeictear atá mar a bheadh treoraí ann ar dhomhan an scéil.

Léiriú Scríofa

Is modh scéalaíochta atá sa léiriú a úsáidtear le heolas a thabhairt don lucht éisteachta. B'fhéidir gurb é an rud a bheadh sa léiriú, carachtar amháin ag insint do charachtar eile faoi rud úr a tharla nó faoi phíosa nuachta. In amanna is féidir an léiriú a dhéanamh ina iomláine go físiúil agus féadtar téacs scríofa a úsáid i gcásanna áirithe.

B'fhéidir nach mbeadh sa téacs scríofa ach fotheideal simplí ina n-insítear ainm suímh úir. I samplaí eile, seans go gcuirfean an léiriú scríofa i láthair taobh istigh de dhomhan an scéil. Is féidir ceanteidil nuachtáin a úsáid, mar shampla, le hinsint faoi athruithe sa scéal. Mar sin, mar shampla, in *The Incredibles* (2004), úsáidtear seatanna teanna de cheannlínte nuachtáin le hinsint dúinn faoi dhlí úr a eisreachtáinn sárlaochra.

Is féidir léiriú scríofa a fhí isteach fosta i dtimpeallacht an scéil. Sa chéad radharc in *Super 8* (2011) nuair a fheicteann muid oibrithe gruama monarchan ag athchóiriú chomhartha "*Days Without Injury*" tá a fhios againn gur tharla taisme thubaisteach san áit oibre.

Carachtracht agus Feidhmeanna Carachtair

Is é an rud atá i gceist le carachtracht an dóigh a dtig le scríbhneoir carachtar ficseanúil agus/nó an t-aisteoir atá i ról an charachtair a léiriú dúinn cad é an sórt duine atá sa carachtar. An dóigh a labhraíonn an carachtar, na héadaí a chaitheann sé agus an rud a dhéanann sé faoi na heachtraí a tharlaíonn in aice leis, is dóigheanna iad sin uilig inar féidir carachtracht a chur in iúl.

D'fhéadfai carachtrachtaí éagsúla a bheith curtha in iúl ag leaganacha éagsúla de charachtar. Mar sin, mar shampla, sa scannán agus ar an teilifís, cuireadh Batman i láthair ar gach dóigh ó amadán fuarchúiseach go dúghafach gruama gan acmhainn grinn.

I mbunús gach insint scannáin bíonn dhá bhuncharachtar chun tosaigh iontu. Is é an Príomhcharachtar an carachtar lárnach sa scéal. Is é an Céile Comhraic malairt an phríomhcharachtair. Mar sin, mar shampla, sa tsraith scannán *Harry Potter* is é Harry an príomhcharachtar againn. Is é Voldemort a chéile comhraic.

